



**An Coimisiún um
Chosaint Sonraí**
Data Protection
Commission

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

CUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ
CUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

CLÁR ÁBHAIR

	Leathanach
Eolas Ginearálta	3
Teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	4
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Choimisiúin	5-9
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	10-12
Cuntas ar Admhálacha agus Íocaíochtaí	13
Nótaí leis an gCuntas Leithreasa	14-21

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

EOLAS GINEARÁLTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

Oifigí:	Oifig Bhaile Átha Cliath: 21 Cearnóg Mhic Liam Baile Átha Cliath 2
Trinity Point	10/11 Sráid Laighean Theas Baile Átha Cliath 2
	Oifig Chúil an tSúdaire: Teach na Canála Bóthar an Stáisiúin Cúil an tSúdaire Co. Laoise
An Coimisinéir Cosanta Sonraí:	Helen Dixon Uasal–An Coimisinéir
Leas-Choimisinéirí:	Anna Morgan – Ceann Cúrsaí Dlí An tUasal Dale Sunderland – Ceann Gníomhaíochta Rialála Jennifer O’Sullivan Uasal – Straitéis, Oibríochtaí & Cúrsaí Idirnáisiúnta An tUasal John O’Dwyer – Ceann Gníomhaíochta Rialála An tUasal Graham Doyle – Ceann Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáide An tUasal Tony Delaney–Ceann Gníomhaíochta Rialála An tUasal Colum Walsh – Ceann Gníomhaíochta Rialála
Uimhir Gutháin:	057 8684800 0761 104 800 1890 252 231
Láithreán Gréasáin:	www.dataprotection.ie
Ríomhphost:	info@dataprotection.ie
Iniúcháirí:	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1

AN COIMISIÚN UM CHOSAINN SONRAÍ
CUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019
TEASTAS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 23 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (an tAcht).

Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den

- chuntas ar admhálacha agus íocaíochtaí
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart ar airgead a fuair agus a chaith an Coimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2019.

Aistriú feidhmeanna agus bunú mar Vóta

Bunaíodh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an 25 Bealtaine 2018. Aistríodh feidhmeanna, foireann, sócmhainní agus dliteanas Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ar an dáta sin. Rinneadh forálacha san Acht chun go mbeadh a vóta féin sannta don Choimisiún agus bhí éifeacht leis sin ón 1 Eanáir 2020. Is i bhfoirm cuntais leithreasa a dhéanfaidh an Coimisiún tuairisciú airgeadais as seo amach.

An bonn atá leis an tuairim

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Cuimsítear leis sin ráiteas rialachais agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo.

Níl tuairisc ar bith le tabhairt agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2020

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

Tá an Coimisiún freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 23 (1) den Acht um Chosaint Sonraí 2018
- a chinntiú go gcuireann na ráitis airgeadais airgead a fuarthas agus a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 i láthair i gceart de réir na mbeartas cuntasaiöchta atá leagtha síos sna ráitis airgeadais
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann sí atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 23 (2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 ráitis airgeadais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí a iniúchadh.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhu réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíríteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna ar mhírítis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaos nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaos nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Oiriúnacht na mbeartas cuntasaiöchta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaiöchta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le – i measc ábhair eile – scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas an fhaisnéis atá sna ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis atá ann ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaim fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na gcríoch dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasaiöchta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaiöchta.

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN CHOIMISIÚIN

Rialachas

Tháinig creat dlí maidir le cosaint sonraí i bhfeidhm ar fud an AE nuair a cuireadh an GDPR i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Ar an dáta sin, bunaíodh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) nua leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus aistríodh feidhmeanna uile an Choimisinéara Cosanta Sonraí chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí nua. Chomh maith leis sin, chuir feidhmiú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí an AE ón 25 Bealtaine 2018 ar aghaidh ról a raibh leathnú suntasach tagtha air don Choimisiún um Chosaint Sonraí ina údarás um chosaint sonraí agus is údarás maoirseachta é an Coimisiún nua a chuimsíonn an AE go léir

Is iad seo an dara sraith de ráitis airgeadais ón gcomhlacht nua. Chun críocha faisnéise tá na figiúirí comparáideacha atá curtha ar fáil comhdhéanta den tréimhse ón 25 Bealtaine 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018. Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí neamhspleách ina fheidhmeanna a chur i gcrích. In 2019, bhí buiséad an Choimisiúin mar chuid de Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus rinne an Coimisiún cuntas ar a bhuiséad tríd an Oifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Chinntigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí dea-rialachas, go páirteach, trí chuspóirí stráitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí stráitéiseacha a ghlacadh maidir le príomhshaincheisteanna gnó. Tá freagracht ar an gCoimisinéir Cosanta Sonraí maidir le bainistiú, rialú agus treorú laethúil an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, le tacaíocht ón bhfoireann shinsearach bainistíochta, thar ceann an Choimisiúin. Tá foráil san Acht um Chosaint Sonraí 2018 go mbeadh a vóta féin shannta don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Is é an 1 Eanáir 2020 an dáta éifeachtach san ásc seo.

Freagrachtaí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

Ceanglaítear faoi Alt 23 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair nó a chaith an Coimisiún, i gcibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na cuntais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh sé i mbun oibríochta; agus
- a lua cibé ar leanadh nó nár leanadh na caighdeáin chuntasaíochta atá infheidhme, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtáitear agus a mhínítear sna cuntais.

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na cuntais Alt 23 den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Tá freagracht ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le faisnéis chorparáideach agus airgeadais a choinneáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin agus maidir le caighdeán na faisnéise sin.

Tá freagracht ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le plan bliantúil agus buiséad an Choimisiúin a cheadú agus déantar meastóireacht ar fheidhmeanna an Choimisiúin trí thagairt a dhéanamh don phlean bliantúil agus don bhuiséad go rialta ag cruinnithe le linn na tréimhse. Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí freagrach freisin as sócmhainní an Choimisiúin a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN CHOIMISIÚIN

Measann an Coimisiún um Chosaint Sonraí go dtugtar léargas ceart ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí i gcuntais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí amhail an 31 Nollaig 2019.

Struchtúir Rialachais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

Cheap an Rialtas Helen Dixon ina Coimisinéir Cosanta Sonraí i Meán Fómhair 2014 ar feadh tréimhse 5 bliana de réir alt 9(1) den Acht um Chosaint Sonraí 1988 arna leasú agus ón 25 Bealtaine 2018 is í an Coimisinéir aonair maidir le Cosaint Sonraí í i ndáil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí nua de réir alt 15(4) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Athcheapadh an tUasal Dixon don dara téarma ar feadh tréimhse 5 bliana i Meán Fómhair 2019.

Cuimsíonn Coiste Bainistíochta Sinsearaí (SMC) an Choimisiúin um Chosaint Sonraí an Coimisinéir Cosanta Sonraí agus seachtar Leas-Choimisinéirí maidir le téarmaí struchtúir rialachais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Is é ról an SMC maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht chuí agus ar rialachas cuí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, de réir na bprionsabal atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Áirítear i dtéarmaí tagartha an Choiste Bainistíochta Sinsearaí ceannaireacht straitéiseach, bainistíocht agus formhaoirseacht don eagraíocht, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiúlacht na bainistíochta agus na foirne in aghaidh thosaíochtaí straitéiseacha agus gnó na heagraíochta agus in aghaidh chuspóirí agus threoir straitéiseach agus dhúshláin.

Tháinig an Coimisiún um Chosaint Sonraí faoi réimse freagrachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais le linn na tréimhse a chlúdaítear sa Ráiteas Airgeadais seo. Rinne an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchtaí ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí a thabhairt chun críche le linn na bliana 2019. Rinne SMC an DPC iad sin a scrúdú agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iad agus rinneadh iad a phlé.

Athruithe ar Phríomhphearsana

Le linn na bliana, cheap an Coimisiún um Chosaint Sonraí triúr Leas-Choimisinéirí - Graham Doyle, Colum Walsh agus Tony Delaney. D'éirigh an t-iar-Leas-Choimisinéara, Marita Kinsella, as i mí Feabhra 2019.

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN CHOIMISIÚIN

Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Tá freagracht ar an gCoimisinéir Cosanta Sonraí thar ceann an Choimisiúin a chinntiú go raibh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ag comhlíonadh cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe a leanas de dhíth sa Chód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe

Déantar sochair gearrthéarmacha na bhfostaithe sa bhreis ar €60,000 in aghaidh na bliana a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

Réimse		Líon na bhFostaithe	Líon na bhFostaithe
Ó	Go dtí	2019	2018
€ 60,000	- €69,999	12	18
€70,000	- €79,999	19	9
€80,000	- €89,999	4	2
€90,000	- €99,999	3	3
€100,000	- €109,999	2	2
€110,000	- €119,999	-	-
€120,000	- €129,999	-	-
€130,000	- €139,999	-	1
€140,000	- €149,999	-	-
€150,000	- €159,999	1	-

Costais Chomhairleoireachta

Áirítear costais ar chomhairle sheachtrach chuig bainistíocht ar chostais chomhairleoireachta agus ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

	2019	25.05.18 go 31.12.18
	€	€
Comhairle dlí	167,582	18,033
Seirbhísí um Chomhairle Gnó	108,338	260,319
Comhairle Cumarsáide Straitéiseach	35,157	33,739
Seirbhísí Gairmiúla Eile	6,458	-
Iomlán	317,535	312,091

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN CHOIMISIÚIN

Costais agus Socruithe Dlí

Cuireann an tábla thíos miondhealú ar fáil maidir le méideanna a íocadh le linn na tréimhse tuairiscithe maidir le costais, socruithe agus comhréitigh dlí chomh maith le himeachtaí eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtí. Ní áirítear caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí atá nochtaithe i gCostais Chomhairleoireachta thuas.

	2019	25.05.18 go 31.12.18
	€	€
Costais dlí - imeachtaí dlí	823,544	380,916
Costais dlí a bronnadh in aghaidh DPC	-	445,401
Costais dlí forchúitithe	(4,364)	(6,482)
lomlán	819,180	819,835

Costais Taistil agus Cothabhála

Déantar costais taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2019	25.05.18 go 31.12.18
	€	€
Baile		
- Coimisinéir	-	-
- Fostaithe	23,752	17,040
Idirnáisiúnta		
- Coimisinéir	13,336	8,861
- Fostaithe	116,459	51,345
lomlán	153,547	77,246

Costais Fáilteachais

Níor tabhaíodh aon chostais fáilteachais ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019 (2018: €nialas).

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN CHOIMISIÚIN

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Chloígh an Coimisiún um Chosaint Sonraí le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016, taobh amuigh de na heisceachtaí seo a leanas:

- Tá éagsúlacht idir an struchtúr rialachais faoinar bunaíodh an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus struchtúr rialachais comhlachtaí stáit eile sa chaoi is nach bhfuil aon struchtúir i gceist leis an mBord. I gcomhthéacs an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, thug an Coimisinéir aonair, in éindí leis na Leas-Choimisinéirí, faoi ról Boird, chomh maith lena gcuid feidhmeanna feidhmiúcháin.
- Déantar tagairt in alt 7.2 agus alt 7.7 den Chód d'Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus Coiste Iniúchta agus Riosca ceart-bhunuithe a bheith ag Comhlacht Stáit. In 2019, thug an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (DJE) a chuireann feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar fáil, faoi mhaoirseacht Choiste Iniúchóireachta Vóta 24 (Dlí agus Ceart). Bhí an Coimisiún um Chosaint Sonraí faoi réir iniúchadh inmheánach bliantúil ag Aonad Iniúchta Inmheánaigh an DJE de chuid rialuithe airgeadais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Rinne Coiste Bainistíochta Sinsearaí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus Coiste Iniúchóireachta an DJE an tuairisc iniúchta seo a mheas ansin. Chomh maith leis sin, tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí faoi réir iniúchadh bliantúil ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus rinne an Coiste Bainistíochta Sinsearaí maoirseacht ar an bpróiseas bainistithe riosca inmheánach a bhí ag feidhmiú mar Choiste Riosca don oifig.
- Ceanglaítear faoi Alt 8.8 den Chód ar Chomhlacht Stáit Comhaontú um Fheidhmeanna a Sholáthar a aontú leis an Roinn chuí lena mbaineann. Ós rud é go bhfuil an Coimisiún um Chosaint Sonraí neamhspleách maidir lena fheidhmeanna a chur i gcrích faoi fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí 2018, níl sé faoi réir Comhaontú um Fheidhmeanna a Sholáthar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ina áit sin, bhí Comhaontú Dearbhaithe um Rialachas (2017 – 2019) ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina leagtar amach an creat leathan do rialachas corparáideach ina n-oibríonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus ina sainítear ról agus freagrachtaí barrthábhachtacha atá mar bhonn agus mar thaca don chaidreamh idir an Coimisiún agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.



Helen Dixon
An Coimisinéir

Dáta: 29 Meitheamh 2020

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Scóip na Freagrachta

Thar ceann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí admháimse freagracht as a chinntiú go raibh córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á choinneáil agus á oibriú. Glactar san áireamh san fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá córas rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí leagtha amach chun riosca go leibhéal infhulaingthe a bhainistiú seachas é a dhíothú. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhnithe cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach seo, atá de réir teorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i gCoimisiún um Chosaint Sonraí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na cuntais.

An Acmhainn Déileáil le Riosca

Thug an Coimisiún um Chosaint Sonraí tuairisc ar gach ceist iniúcháireachta chuig an gCoiste Iniúcháireachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le chéile 5 huairé i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019. Feidhmíonn Coiste Bainistíochta Sinsearaí de chuid Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí mar an Coiste Riosca don eagraíocht. D'fhreastail bainisteoirí sinsearacha ón Oifig ar chruinniú leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais in 2019 chun ceisteanna iniúcháireachta agus riosca a bhain leis an gcomhlacht a phlé.

Le linn 2019, réachtáil an tAonad Iniúchta Inmheánaigh sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchtaí ar rialuithe airgeadais agus rialuithe eile sa Choimisiún um Chosaint Sonraí, ag teacht lena chlár bliantúil iniúchtaí.

Tá beartas bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag foireann bainistíochta sinsearaí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ina leagtar amach a fonn riosca, na próisis bhainistithe riosca atá ar bun agus ina dtugtar mionsonraí faoi róil agus freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas chuig foireann an DPC ar fad chun iad a chur ar an eolas faoin ngá atá ann an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí rialuithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí a d'aithin agus a rinne na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin a thuairisciú agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm sa Choimisiún um Chosaint Sonraí ina sainaitnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus tá na rioscaí sin sainaitheanta, measta agus grádaithe de réir a suntasachta. Déanann an fhoireann bainistíochta sinsearaí an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

Maidir leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de:

- bíonn doiciméadú á dhéanamh ar gach príomhphróiseas gnó;
- bíonn freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist;
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, lena mbaineann buiséad bliantúil a mbíonn an bhainistíocht shinsearach ag déanamh athbhreithniú air;
- tá córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. I rith 2019, chuir Rannán ICT na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí ICT ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Chuir rannóg ICT an DJE ráiteas dearbhaithe, ag cur síos ar na próisis rialaithe atá i bhfeidhm in 2019 ar fáil;
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Choimisiúin um Chosaint Sonraí a chosaint. Níor tháinig aon chistiú deontais ó ghníomhaireachtaí lasmuigh;
- Sholáthar an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le baill foirne atá ag obair sa Choimisiún um Chosaint Sonraí. Tugann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dearbhú bliantúil i leith na seirbhísí a sholáthraítear maidir le seirbhísí a sholáthraítear don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus déantar iniúchadh orthu faoi phróisis dheimhnithe ISAE 3402.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bhí nósanna imeachta foirmeálta curtha i bhfeidhm le linn na tréimhse a chlúdaítear sa Ráiteas Airgeadais seo chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus rinneadh easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht, nuair a bhí ábhartha agus in am trátha. Deimhním go raibh an córas monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm maidir leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí:

- tá príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú;
- tá iniúchadh bliantúil ar rialuithe airgeadais déanta ag Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais;
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta; agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a thugann feidhmíocht in aghaidh bhuiséid/réamhaisnéisí.

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ar bun ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun comhlíonadh le rialacha agus treoirínte reatha maidir le soláthar a chinntiú don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus gur chloígh an Coimisiún um Chosaint Sonraí leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana 2019 seachas i gcás amháin.

Soláthar Neamhchomhlíontach

Bhí cás amháin in 2019 lenar bhain caiteachas de luach €48,358 inar leanadh le Conradh bainistithe saoráidí d'fhonn mionchomórtas faoi stiúir OGP a cheadú faoin gCreat um Sheirbhísí Slándála. Tá an comórtas tugtha chun críche anois agus tá Conradh nua i bhfeidhm.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ar bun ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Bhí obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, Coiste Iniúcháireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus an coiste bainistíochta sinsearaí mar bhonn taca le monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá an bhainistíocht shinsearach laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais (DJE) a dhéanann feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí an DPC, faoi mhaoriseacht Choiste Iniúcháireachta Vóta 24 (DJE) maidir le dearbhú ar rialuithe inmheánacha agus maoirseacht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.



Helen Dixon
An Coimisinéir

Dáta: 29 Meitheamh 2020

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ
CUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

	Nótaí	2019 €	Tréimhse ón 15 Bealtaine 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018 €
Fáltais			
Airgead curtha ar fáil ag an Oireachtas	2	10,448,267	5,416,801
		10,448,267	5,416,801
Íocaíochtaí			
Costais Foirne	3	7,261,112	3,212,609
Costais Lóistín agus Trealaimh	5	1,828,519	793,944
Costais Oibríochta	6	221,921	248,388
Táillí Dlí agus Gairmiúla	7	1,136,715	1,161,860
		10,448,267	5,416,801
Admhálacha a fuarthas don tréimhse a íocadh le Vóta Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais		-	64,769
		10,448,267	5,481,570

Is cuid den chuntas seo iad nótaí ó 1 go 13.



Helen Dixon
An Coimisinéir

Dáta: 29 Meitheamh 2020

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

NÓTAÍ CHUIG AN gCUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH an 31 Nollaig 2019

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus beartas chuntasaíochta suntasach atá glactha ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go seasta i rith na bliana.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Coimisiún um Chosaint Sonraí faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, agus tá oifigí acu ag 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, Trinity Point, Sráid Laighean, Baile Átha Cliath 2 agus Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise. Is é an príomhfhéidhm atá ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, an "Forfheidhmiú an Dlí" (Treoir (AE) 2016/680) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018. Áirítear ar phríomhfhéidhmeanna an DPC: gearáin a láimhseáil agus fiosrúcháin agus imscrúduithe a dhéanamh maidir le sárúithe féideartha ar an reachtaíocht um chosaint sonraí; comhlíonadh feabhsaithe leis an reachtaíocht cosanta sonraí ag rialaitheoirí agus ag lucht próiseála sonraí a chur chun cinn chomh maith le feachtas níos fearr maidir le cearta cosanta sonraí a chur chun cinn; comhoibriú le húdaráis cosanta sonraí i mballstáit AE eile maidir le saincheisteanna ar nós gearáin agus sárúithe líomhnaithe lena mbaineann próiseáil trasteorann.

b) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na cuntais i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ullmhaítear na cuntais i Euro, airgeadra feidhmeach an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Is don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 na ráitis airgeadais seo. Is leis an tréimhse 25 Bealtaine 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018 a bhaineann na figiúirí comparáideacha.

c) Airgead curtha ar fáil ag an Oireachtas

Is ionann ioncam a aithníodh sna cuntais faoi Dheontais agus maoiniú a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is í an Roinn a riarann íocaíocht na dtuarastal agus na gcostas eile ar fad agus is ionann an méid a aithnítear mar ioncam agus dul i muinín an Vóta chun íocaíochtaí a rinneadh i rith na bliana a mhaoiniú.

d) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta atá sonraithe in airgeadra coigríche go Euro i rith na bliana go Euro agus déantar iad a thaifeadadh ag an ráta malartaithe a bhí ag rialú ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta sonraithe in airgeadra coigríche go Euro ag ráta malartaithe a bhí ag rialú ar dháta na tuairisce nó ag ráta conartha réamhcheannacháin sa chás go bhfuil conradh mar sin ann.

e) Aoisliúntas

Is státseirbhísigh iad baill foirne an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus tá siad ina gcomhaltaí de scéim sochair shainithe atá neamh-mhaoinithe agus atá á riaradh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Rinneadh dlí den Acht um Pinsin na Seirbhíse Phoiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 an 28 Iúil 2012 agus tugadh isteach Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Phoiblí ("Scéim Aonair") a chuaigh i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Tá baill foirne nua sa Choimisiún um Chosaint Sonraí, ar iontrálaithe nua iad san Earnáil Phoiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin, ina gcomhaltaí den Scéim Aonair.

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

NÓTAÍ CHUIG AN gCUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 Nollaig 2019

f) Faisnéis Bunaithe ar Fhabhraithe

Áirítear i nóta 8 de na cuntais faisnéis maidir le torthaí airgeadais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, gur ullmhaíodh na cuntais faoin gcoinbhinsiún costas stairiúil agus go bhfuil siad ag cloí le FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

NÓTAÍ CHUIG AN gCUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 Nollaig 2019

	2019	25.05.18 go 31.12.18
	€	€
2 Airgead curtha ar fáil ag an Oireachtas		
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	10,448,267	5,416,801

Maoiníodh an Coimisiún um Chosaint Sonraí ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Vóta 24) trí fho-cheannteidil A.6.

	2019	25.05.18 go 31.12.18
	€	€
3 Costais Foirne agus Faisnéis na bhFostaithe		
Pá agus Tuarastail	7,107,565	3,135,363
Taisteal agus Cothabháil	153,547	77,246
Costais Foirne Iomlán	7,261,112	3,212,609

Ba é meánlíon na bhfostaithe le linn na tréimhse ná 138 (2018: 90).

Asbhaineadh ranníocaíochtaí breise aoisliúntais i gcomhréir le hasbhaintí reachtúla. Tá ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar fiú €201,728 iad asbhainte agus á gcoimeád ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh rannaíocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó Eanáir 2019. Asbhaineadh asbhaintí a bhaineann le pinsean ar fiú €111,176 iad don tréimhse an 25 Bealtaine 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018.

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

NÓTAÍ CHUIG AN gCUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 Nollaig 2019

4 Luach Saothair an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Mar a leanas atá Luach Saothair an Choimisinéara aonair:

	2019 Tuarastal €	25.05.18 go 31.12.18 Tuarastal €
Tuarastal bliantúil	141,249	81,859
Íocaíocht i riaráiste don tréimhse Iúil 2017 go dtí Iúil 2019	18,476	-
	<hr/>	<hr/>
	159,725	81,859
	<hr/>	<hr/>

Ní bhfuair an Coimisinéir aonair aon íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht ná aon sochar comhchineáil i rith na bliana.

Tá teidlíochtaí pinsin ag teacht le agus nach dtéann thar teidlíochtaí caighdeánacha i Scéim Sochair Aoisliúntais Shainithe na Státseirbhíse.

Thabhaigh an Coimisinéir aonair costais taistil i rith na bliana, lena n-áirítear aisíocaíochtaí de luach €13,336 (an 25 Bealtaine 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018: €8,861).

	2019 €	25.05.18 go 31.12.18 €
5 Costais Lóistín agus Trealamh		
Breisithe ar shócmhainní seasta	286,460	254,662
Cothabháil trealamh agus soláthair oifige	529,860	117,410
Cíos	848,182	222,671
Costais i ndáil le háitreabh	164,017	199,201
	<hr/>	<hr/>
	1,828,519	793,944
	<hr/>	<hr/>

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

NÓTAÍ CHUIG AN gCUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

	2019	25.05.18 go 31.12.18
	€	€
6 Costais Oibríochta		
Costais aistriúcháin agus ateangaireachta	19,148	20,758
Priontáil, postas agus stáiseanáireacht	29,564	31,201
Teileachumarsáid	26,426	18,950
Seimineáir agus comhdhálacha	2,212	8,543
Costais Meán Cumarsáide / Feasachta GDPR	43,392	108,430
Oiliúint agus forbairt foirne	8,362	1,671
Gearrtháin nuachtáin agus tréimhseacháin	10,063	1,380
Sólaistí oifige	7,631	781
Ballraíocht de chomhlachtaí gairme	2,087	255
Tuarascálacha agus foilseacháin / fógraíocht	38,502	37,780
Iníúchadh & Cuntasaíocht	24,055	16,772
Caiteachais eile	10,479	1,867
	221,921	248,388

	2019	25.05.18 go 31.12.18
	€	€
7 Táillí Dlí agus Gairmiúla		
Comhairle dlí (Ginearálta)	167,582	18,033
Táillí dlí - imeachtaí dlí	823,544	380,916
Costais dlí a bronnadh in aghaidh DPC	-	445,401
Costais dlí forchúitithe	(4,364)	(6,482)
Seirbhísí Cumarsáide	35,157	39,688
Seirbhísí um Chomhairle Gnó	108,338	260,319
Táillí gairmiúla eile	6,458	23,985
	1,136,715	1,161,860

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

**NÓTAÍ CHUIG AN gCUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

8 Faisnéis Bunaithe ar Fhabhraithe

(a) Sócmhainní Seasta	TF	Sócmhainní le linn obair thógála	Oifig	Iomlán
	Trealamh / Láithreán Gréasáin		Trealamh	
	€		€	€
<u>Costas</u>				
Amhail an 1 Eanáir 2019	66,926	396,239	14,845	478,010
Breisthe don tréimhse	11,747	269,055	5,658	286,460
Aistrithe	147,288	(147,288)	-	-
Diúscairtí	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2019	225,961	518,006	20,503	764,470
<u>Dímheas Carntha</u>				
Amhail an 1 Eanáir 2019	48,592	-	10,426	59,018
Muirear dímheasa don tréimhse	36,543	-	2,512	39,055
Diúscairtí	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2019	85,135	-	12,938	98,073
<u>Glanluach Leabhair</u>				
Amhail an 31 Nollaig 2019	140,826	518,006	7,565	666,397
Amhail an 1 Eanáir 2019	18,334	396,239	4,419	418,992

	2019	25.05.18 go 31.12.18
	€	€
(b) Costas na Seirbhíse		
Íocaíochtaí sa tréimhse	10,448,267	5,416,801
Fabhruithe tosaigh	(51,807)	(54,646)
Fabhruithe ar deireadh	42,908	51,807
Réamhíocaíochtaí tosaigh	43,358	20,056
Réamhíocaíochtaí ar deireadh	(195,222)	(43,358)
Iarmhéid stoic tosaigh	2,123	5,000
Iarmhéid stoic ar deireadh	(3,692)	(2,123)
Breisthe ar shócmhainní seasta	(286,460)	(398,761)
Dímheas	39,055	3,804
Costas na Seirbhíse	10,038,530	4,998,580

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

NÓTAÍ CHUIG AN gCUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

9 Tiomantais Léasa

D'aistrigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí a oifig i mBaile Átha Cliath chuig 21 Cearnóg Mhic Liam i mí Lúnasa na bliana 2016, a chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil saor in aisce.

Ó shin, sháraigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí acmhainn uasta Chearnóg Mhic Liam i bhfianaise a ról fheabhsaithe faoi GDPR. Ós rud é nach raibh Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ábalta áitribh oiriúnacha a chur ar fáil chun riachtanais áitribh gearrthéarmach a shásamh, d'aimsigh DPC spás oifige breise chun na srianta a bhí san oifig i mBaile Átha Cliath a mhaolú. Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí tús le 'Comhaontú Oifige Seribhísithe' le Regus Court, Bóthair Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Ba ionann costais don oifig shealadach bhreise in Regus Court agus €3,967 in 2019 (2018: €331,775). Tháinig deireadh leis an gcomhaontú seirbhísithe d'oifig shealadach in Regus Court an 31 Eanáir 2019.

De bharr go bhfuil síneadh leanúnach á chur le ról maoirseachta reachtúil an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus forbairt na heagraíochta le linn 2019, bhí an eagraíocht ró-mhór don áitreabh ar Bhóthair Fhearchair. Bhí an Coimisiún um Chosaint Sonraí i mbun rannpháirtíochta leis an OPW in 2018 chun oifig eile a fháil. Ní raibh an OPW ábalta áitreabh feiliúnach níos fadtéarmaí a fháil don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Sa cháil sin, aimsíodh spás oifige gearrthéarmach eile a bhí níos mó, ag Trinity Point, Sráid Laighean, Baile Átha Cliath 2. .

I rith na bliana 2019, lean pléití ar aghaidh leis an OPW d'fhonn oifig bhuan nua a aithint i mBaile Átha Cliath. Ba ionann costas an chíosá don bhliain 2019 agus €891,405.

Tá oifig Chúil an tSúdaire lonnaithe ag Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise. Cuireann an OPW an oifig seo ar fáil saor in aisce.

Bhí na híos-íocaíochtaí léasa don todhchaí a leanas ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí amhail an 31 Nollaig 2019:

	Amhail an 31 Nollaig 2019	Amhail an 31 Nollaig 2018
	€	€
Iníochta laistigh de 1 bhliain	-	23,967
Iníochta laistigh de 2-5 bhliain	-	-
Iníochta i ndiaidh 5 bhliain	-	-
	<hr/>	<hr/>
	-	23,967

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

NÓTAÍ CHUIG AN gCUNTAS AR ADMHÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

10 Tiomantais Chaipitil

Tá tiomantais chaipitil €137,505 ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le córas nua CMS atá á fhorbairt i láthair na huaire.

11 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara/ Leasanna a Nochtadh

Bhí príomhphearsa bainistíochta sa Choimisiún um Chosaint Sonraí comhdhéanta den Choimisinéir aonair agus seachtar Leas-Choimisinéirí. Ba ionann an luach saothair a d'íoc an Coimisiún um Chosaint Sonraí le príomhphearsa bainistíochta don tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019 agus €667,353 (an 25 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2018: €347,899).

Chloígh an Coimisiún um Chosaint Sonraí leis an gCóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le leasanna a nochtadh ag an gCoimisiún agus ag comhaltaí/foireann an Choimisiúin. Tá nósanna imeachta foirmeálta ann chun go mbeidh riachtanais an Chóid á gcomhlíonadh.

12 Dlíteanais Theagmhasacha

Tá roinnt cásanna os comhair na gCúirteanna a bhfuil an Coimisiún um Chosaint Sonraí páirteach iontu agus nach bhfuil aon soláthar déanta dóibh sna cuntais seo. Ní bhíonn aon ráiteas ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le dlíthíocht leanúnach. Tá roinnt cásanna ann inar bronnadh costais in aghaidh an DPC, ach níl luach na gcostas sin ar eolas i láthair na huaire áfach.

13 Na ráitis airgeadais a cheadú

Ceadaíodh na Ráitis Airgeadais an 29 Meitheamh 2020.